



Comhairle Contae Chill Mhantáin
Wicklow County Council

LEABHRÁN FAISNÉISE D'IARRTHÓIRÍ

(Léigh go cúramach)

OIFIGEACH GAEILGE (GRÁD V)

Tag: 47/2026

An dáta deiridh a nglacfar le hiarratais:

Déardaoín, an 19 Samhain 2026 ag 12 meán lae





Clár

MAIDIR LE COMHAIRLE CONTAE CHILL MHANTÁIN	3
AN POST	4
CÁILÍOCHTAÍ	5
1 Carachtar	5
2 Sláinte	5
3 Oideachas, Taithí, etc.	5
CEADÚNAS TIOMÁNA/TAISTEAL.....	6
NITHE FÍOR-RIACHTANACHA	6
SCILEANNA INMHIANAITHE	6
DUALGAIS.....	6
PRÍOMHCHOINNÍOLLACHA FOSTAÍOCHTA	7
Dualgais	8
Promhadh	8
Tuarastal	8
Uaireanta Oibre	8
Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána.....	8
Saoránacht.....	9
Cead Oibre	9
Sláinte	9
Cónaitheacht	9
Saoire Bhliantúil.....	9
Aois Scoir	9
Aoisliúntas	10
PRÓISEAS IARRATAIS.....	10
Foirm Iarratais	10
Inniúlachtaí don Phost.....	10
PRÓISEAS ROGHNÚCHÁIN	11
Gearrliostú	12
Céim an Agallaimh	12
Seiceálacha Réamhfhostaíochta.....	13
Painéal	13
Tearmaí agus Coinníollacha.....	13
CEISTEANNA COITIANTA.....	15



MAIDIR LE COMHAIRLE CONTAE CHILL MHANTÁIN

Tá Contae Chill Mhantáin suite i gCúige Laighean agus tá daonra 155,485 ann, ar fás 9.2% é sin, de réir réamhfhigiúirí Dhaonáireamh 2022 ar shuíomh gréasáin na Príomh-Oifige Staidrimh. <https://www.cso.ie/en/csolatestnews/presspages/2022/censusofpopulation2022-preliminaryresults/>

Tá teorainn ag Cill Mhantáin le ceithre chontae eile agus tá achar iomlán talún 2,027 km² sa chontae. Is ceantar sléibhtiúil den chuid is mó é Cill Mhantáin, agus is iad Sléibhte Chill Mhantáin an réigiún ardchríche leanúnach is mó in Éirinn. Is é Cill Mhantáin an 13ú contae is mó de 26 contae Phoblacht na hÉireann agus is é an 14ú limistéar údaráis áitiúil is mó ó thaobh daonra de.

Is í Comhairle Contae Chill Mhantáin an tÚdarás Rialtais Áitiúil do Chontae Chill Mhantáin agus tá sí freagrach as an réimse iomlán seirbhísí a sholáthar. Féachann Comhairle Contae Chill Mhantáin le tarraingteacht an chontae mar áit le hinfheistiú, le hoibriú agus le cónaí ann a fheabhsú agus tá ról ceannasach aici maidir le fíis straitéiseach an chontae a mhúnlú. Cuireann sí réimse éagsúil ilghnéitheach seirbhísí a bhíonn ag síorathrú ar fáil do shaoránaigh agus do chuariteoirí i gContae Chill Mhantáin araon, lena n-áirítear seirbhísí tithíochta, pleanála, forbartha, comhshaoil, bóithre agus tráchtá, fóillíochta agus pobail. Tá ról méadaithe aici freisin maidir le forbairt eacnamaíochta agus pobail a stiúradh sa chontae. Oibríonn an Chomhairle i gcomhpháirtíocht le comhlachtaí eile stáit, poiblí agus príobháideacha chun bonneagar ríthábhachtach agus seirbhísí comhroinnte a sholáthar.

Tá comhlacht tofa de 32 comhalta tofa ag Comhairle Contae Chill Mhantáin agus fostaíonn sí breis agus 900 duine. Faoi láthair, cuimsíonn sí cúig Cheantar Bhardasacha – Bré, na Clocha Liatha, Cill Mhantáin, an tInbhear Mór agus Bealach Conglais. Oibríonn ár bhfostaithe in údarás áitiúil dinimiciúil agus forásach a chuireann oiliúint agus forbairt ár bhfostaithe chun cinn, ós iad ár bhfostaithe an acmhainn is luachmhaire atá againn.

Tá buiséad ioncaim bliantúil an údaráis áitiúil do 2026 cothrom le thart ar €183 milliún. Leanann an Chomhairle de bheith ag infheistiú i mbonneagar an chontae chomh maith trína Clár Infheistíochta Caipitil.

Tá an Príomhfheidhmeannach agus an Fhoireann Bainistíochta freagrach as reáchtáil laethúil na Comhairle.



An Comórtas – Oifigeach Gaeilge Tagairt: 47/2026

AN POST

Tá an Chomhairle ag lorg iarratas ó iarrthóirí cuícháilithe a bhfuil taithí ábhartha acu do phost an **Oifigh Ghaeilge**. Tá sé beartaithe painéal d'iarrthóirí cáilithe a bhunú, óna líonfar folúntais le linn shaolré an phainéil.

Aithnítear sa Chlár Rialtais tábhacht na Gaeilge mar chéad teanga an Stáit, mar theanga bheo agus mar chuid ríthábhachtach d'oidhreacht an oileáin seo againne. Tá foireann na nÚdarás Áitiúil a bhfuil scileanna Gaeilge acu ríthábhachtach chun Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010–2030 a chur chun feidhme go rathúil agus chun a chinntiú gur féidir le hÚdarás Áitiúla freastal ar chainteoirí Gaeilge agus ar ár gcustaiméirí a labhraíonn Gaeilge. Is é príomhchuspóir Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003 agus Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú), 2021 feabhas a chur ar sholáthar seirbhísí poiblí i nGaeilge agus tá Comhairle Contae Chill Mhantáin tiomanta dá hoibleagáidí faoi na hAchtanna a chomhlíonadh.

Is iad aidhmeanna an Achta:

- Méid agus caighdeán na seirbhísí a chuirtear ar fáil don phobal i nGaeilge a mhéadú agus a fheabhsú.
- Líon iomlán na gcainteoirí Gaeilge sa tseirbhís phoiblí a mhéadú.
- Úsáid na Gaeilge chun críocha oifigiúla a chur chun cinn.

Beidh an duine a cheapfar sa ról seo ina chomhalta d'Oifig Seirbhísí Corparáideacha na Comhairle. Chomh maith leis na dualgais atá leagtha amach do ról an Oifigh Ghaeilge, d'fhéadfadh sé go n-iarrfaí ar an duine a cheapfar tacú le hobair fhoireann na Seirbhísí Corparáideacha de réir mar a shannfaidh an Stiúrthóir Seirbhísí/an tOifigeach Feidhmiúcháin Sinsearach nó bainisteoir líne eile dó. Beidh ról lárnach ag an Oifigeach Gaeilge lena chinntiú go gcuirfear straitéis Gaeilge Chomhairle Contae Chill Mhantáin chun feidhme go héifeachtach ar an leibhéal áitiúil agus go gcuirfear leis an dea-chleachtas náisiúnta an tráth céanna.



CÁILÍOCHTAÍ

1 Carachtar

Ní mór gur daoine dea-charachtair iad iarrthóirí.

2 Sláinte

Ní mór d'iarrthóirí a bheith i riocht sláinte a thabharfadh ionchas réasúnach go mbeidís in ann seirbhís rialta agus éifeachtúil a thabhairt.

3 Oideachas, Taithí, etc.

Ní mór a leanas a bheith fíor i gcás iarrthóirí, faoin dáta deiridh chun foirmeacha iarratais comhlánaithe a bheith faighte:

- (i) (a) Grád D ar a laghad (nó Pas) a bheith bainte amach acu, ag Ardleibhéal nó Gnáthleibhéal, i gcúig ábhar (nó ceithre ábhar má tá Gaeilge san áireamh) ón liosta faofa ábhar i Scrúdú na hArdteistiméireachta Bunaithe nó i nGairmchlár na hArdteistiméireachta de chuid na Roinne Oideachais, lena n-áirítear Gaeilge agus/nó Béarla agus ceann amháin díobh seo a leanas: Matamaitic, Cuntasaíocht, Eagrú Gnó nó Eacnamaíocht,

Agus

- (b) Grád C ar a laghad (nó Onóracha) a bheith bainte amach acu i bpáipéir Ardleibhéil (nó Onóracha) i dtrí ábhar sa scrúdú sin (nó dhá ábhar má tá Gaeilge agus/nó ceann amháin díobh seo a leanas san áireamh: Matamaitic, Cuntasaíocht, Eagrú Gnó nó Eacnamaíocht), Matamaitic, Cuntasaíocht, Eagrú Gnó nó Eacnamaíocht,

Nó

- (c) caighdeán inchomparáide a bheith bainte amach acu i scrúdú coibhéiseach,

Nó

- (d) cáilíocht tríú leibhéal ar chaighdeán céime ar a laghad sa Ghaeilge nó i réimse a bhaineann leis an nGaeilge a bheith acu.

- (ii) A bheith ina gcainteoirí inniúla Gaeilge a bhfuil taithí acu.

- (iii) Eolas a bheith acu ar Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003 agus ar Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú), 2021 i gcomhthéacs an rialtais áitiúil.

Tabhair ar aird: Ní mór cinneadh ó Dhearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (QQI) a bheith ag gabháil le cáilíochtaí neamh-Éireannacha chun a n-inchomparáideacht le Creat Náisiúnta Cáilíochtaí na hÉireann a shuí. Ní mór doiciméad aistriúcháin a bheith ag gabháil le cáilíochtaí a gnóthaíodh thar lear freisin. Mura gcuirtear na doiciméid sin ar fáil, measfar nach bhfuil an t-iarratas inghlactha.

Is ar an iarrthóir atá an fhreagracht a chinntiú go bhfuil an cháilíocht ábhartha luaite ar an bhfoirm iarratais.

Má dhéantar tairiscint fostaíochta, beidh ar an iarrthóir na cáilíochtaí oideachais ábhartha uile a chur isteach chun na ceanglais thuas a chomhlíonadh.



CEADÚNAS TIOMÁNA/TAISTEAL

Beidh ar shealbhóir an phoist ceadúnas iomlán tiomána bailí Éireannach/AE do fheithiclí Aicme B, nó ceadúnas atá inghlactha ag an tSeirbhís Náisiúnta um Cheadúnais Tiomána (NDLS) lena mhalartú, a bheith aige, gan formhuiniú ná dícháiliú. Ní mór dó a bheith ina thiománaí inniúil toisc go ndéanfaidh sé carr a thiomáint i gcomhlíonadh a dhualgas agus, chun na críche sin, ní mór dó carr a bheith aige agus í a chothabháil chun sástacht an Údaráis Áitiúil. Ní mór an tÚdarás Áitiúil a shlánú faoin árachas. <https://www.ndls.ie/help/faq.html#exchange-of-foreign-driving-licence>

NITHE FÍOR-RIACHTANACHA

Cumas inniúlacht a léiriú sna réimsí seo a leanas:

- Gur cainteoir inniúil Gaeilge tú a bhfuil taithí agat. Ní mór don iarrthóir rathúil inniúlacht leordhóthanach sa Ghaeilge, idir labhartha agus scríofa, a bheith aige chun a ról a chomhlíonadh trí Ghaeilge.

SCILEANNA INMHIANAITHE

Cumas inniúlacht a léiriú sna réimsí seo a leanas:

- Tá céim ábhartha tríú leibhéal inmhianaithe ach níl sí riachtanach.
- Tiomantas láidir do chur chun cinn na Gaeilge.
- Scileanna cumarsáide den scoth, i nGaeilge agus i mBéarla araon, mar aon le cumas cruthaithe eagrúcháin.
- A bheith féinspreagtha agus ábalta oibriú as a stuaim féin.
- Scileanna láidre idirphearsanta agus cumarsáide a bheith aige agus a bheith ábalta ionadaíocht a dhéanamh thar ceann na Comhairle ar bhealach gairmiúil inchreidte leis na páirtithe leasmhara uile.
- Bliain amháin nó níos mó de thaithí a bheith aige ag obair i gcomhlacht poiblí, in eagraíocht dheonach nó i gcomhlacht ábhartha eile maidir le cur chun cinn, forbairt agus úsáid na Gaeilge.

DUALGAIS

Seo a leanas liosta neamh-uileghabhálach de na príomhdualgaís agus de na príomhfhreagrachtaí a d'fhéadfaí a shannadh d'Oifigeach Gaeilge:

- Úsáid na Gaeilge a fhorbairt agus a chur chun cinn de réir mar a cheanglaítear faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003 agus Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú), 2021.
- A chinntiú go gcomhlíonann Comhairle Contae Chill Mhantáin a hoibleagáidí faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003 agus Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú), 2021 agus faoi gach ionstraim reachtúil arna déanamh faoi na hAchtanna sin.
- Oibriú mar chuid den Fhoireann Cumarsáide chun seirbhísí meán agus cumarsáide (as Gaeilge) a chur ar fáil don eagraíocht agus don fhoireann, lena n-áirítear preaseisiúintí a fhorbairt (as Gaeilge), agus tacú le cur chun feidhme an Bheartais Meán Sóisialta agus an Bheartais Suímh Gréasáin (as Gaeilge).
- Nuashonruithe ábhair ar na rannáin Ghaeilge de shuíomh gréasáin Chomhairle Contae Chill Mhantáin a bhainistiú.



- e) Caidreamh a choinneáil ar bun agus comhoibriú a dhéanamh le heagraíochtaí deonacha agus le comhlachtaí poiblí maidir leis an nGaeilge, lena n-áirítear An Coimisinéir Teanga agus an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail agus Gaeltachta.
- f) Aistriúcháin ar dhoiciméid, ar chomharthaíocht agus ar chomhfhreagras a dhéanamh/a chomhordú de réir mar a éilíonn Ranna aonair.
- g) Iniúchtaí a dhéanamh i réimsí amhail comharthaíocht agus ábhar scríofa agus leictreonach a úsáideann an Chomhairle chun cumarsáid a dhéanamh leis an bpobal, chun comhlíonadh na gceanglas reachtúil maidir le húsáid na Gaeilge a chinntiú, agus comhairle a chur ar Bhainisteoirí Líne maidir leis na ceanglais reachtúla.
- h) Cabhrú le sráideanna, eastáit tithíochta agus foirgnimh nua a ainmniú.
- i) Socrú a dhéanamh maidir le soláthar agus bainistiú seirbhísí aistriúcháin Gaeilge don eagraíocht.
- j) Cur chun feidhme Scéim Gaeilge na Comhairle a chomhordú agus tuairisciú a dhéanamh ina leith.
- k) Seirbhísí do chustaiméirí a chur ar fáil don phobal trí Ghaeilge nuair a iarrtar sin.
- l) Cur i láthair a dhéanamh do na Comhaltaí Tofa agus oibriú leo, agus leis an gCoiste Ealaíon, Cultúir, Gaeilge, Oidhreacht agus Leabharlann nó leis an gComhairle iomlán nuair is gá.
- m) Plean gníomhaíochta a fhorbairt chun úsáid na Gaeilge i measc na foirne a chur chun cinn agus a fhorbairt, lena n-áirítear imeachtaí agus oiliúint a eagrú chun úsáid na Gaeilge a spreagadh i measc na foirne agus na gComhairleoirí.
- n) Seirbhísí a chur ar fáil, de réir mar is gá, chun úsáid na Gaeilge a chur chun cinn agus a fhorbairt le Grúpaí/Eagraíochtaí Gaeilge éagsúla i gComhairle Contae Chill Mhantáin.
- o) Imeachtaí, comórtais agus gníomhaíochtaí eile Gaeilge a eagrú, mar shampla Seachtain na Gaeilge.
- p) Maoirseacht a dhéanamh ar an bhfoireann de réir mar is gá.
- q) Dualgais eile a dhéanamh laistigh den Fhoireann Cumarsáide de réir mar a shannfar ó am go ham iad.

Is treoir ghinearálta seachas liosta uileghabhálach iad na dualgais seo agus leagtar amach iontu príomhfheidhmeanna agus príomhfhreagrachtaí phost an Oifigigh Ghaeilge. D'fhéadfadh siad athrú amach anseo. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh sé go n-iarrfaí ar shealbhóir an phoist dualgais eile atá oiriúnach don phost, seachas iadsan atá sonraithe thuas, a chomhlíonadh agus treoracha a ghlacadh ó oifigeach cuí agus tuairisciú dó, nó d'oifigeach ainmnithe eile de réir mar a shannfaidh Comhairle Contae Chill Mhantáin.

PRÍOMHCHOINNÍOLLACHA FOSTAÍOCHTA

D'fhéadfaí painéil a bhunú óna bhféadfaí folúntais d'Oifigeach Gaeilge a líonadh amach anseo. Post lánaimseartha inphinsin a bheidh ann.

Féadfar an t-iarrthóir/na hiarrthóirí rathúla a shannadh, de réir mar is gá, d'aon cheann de na Ceantair Bhardasacha/Stiúrthóireachtaí atá faoi rialú an Phríomhfheidhmeannaigh nó d'aon áitreabh/suíomh atá in úsáid ag an gComhairle anois nó a bheidh in úsáid aici amach anseo.



Dualgais

Is iad dualgais an phoist na seirbhísí cuí gairmiúla/teicniúla agus coimhdeacha de chineál comhairleach, maoirseachta nó feidhmiúcháin a theastaíonn a chur ar fáil don údarás áitiúil agus:

- (a) d'údaráis áitiúla nó comhlachtaí eile arb é an Príomhfheidhmeannach a bPríomhfheidhmeannach chun críocha na nAchtanna Rialtais Áitiúil 2001–2014; agus
- (b) d'aon údarás áitiúil nó comhlacht eile a bhfuil comhaontú déanta ag an údarás áitiúil, nó ag aon cheann de na húdaráis nó comhlachtaí dá dtagraítear i bhfomhír (a), leis.

Déanfar na seirbhísí sin faoi stiúir agus rialú ginearálta an Phríomhfheidhmeannaigh nó oifigigh eile a chinnefidh an Príomhfheidhmeannach ó am go ham, de réir mar a bheidh gá leo i bhfeidhmiú agus i gcomhlíonadh chumhachtaí, fheidhmeanna agus dhualgais aon údaráis áitiúil nó comhlachta dá dtagraítear thuas, lena n-áirítear freastal ar gach coiste a d'fhéadfadh údarás nó comhlacht den sórt sin a bhunú. Má iarrtar air é, gníomhóidh sealbhóir an phoist thar ceann oifigigh ar ghrád níos airde.

Promhadh

Beidh feidhm ag na forálacha promhaidh seo a leanas:

- (a) beidh tréimhse ann tar éis don cheapachán teacht i bhfeidhm ina mbeidh an duine ceaptha i seilbh an phoist ar promhadh;
- (b) **naoi mí** a bheidh sa tréimhse sin; féadfar í a fhadú de rogha an Phríomhfheidhmeannaigh;
- (c) scoirfidh an duine de bheith i seilbh an phoist ag deireadh na tréimhse promhaidh mura mbeidh sé deimhnithe ag an bPríomhfheidhmeannach le linn na tréimhse sin go raibh seirbhís an duine sásúil.

Tuarastal: €52,761 - €63,109 in aghaidh na bliana (lena n-áirítear an dara breisiócht fadseirbhíse EL 04/2026)

Beidh an tuarastal uilechuimsitheach agus cinnfear é ó am go ham de réir an bheartais náisiúnta. Íocfaidh sealbhóir an phoist leis an údarás áitiúil aon táillí nó airgead eile (seachas a thuarastal uilechuimsitheach) is iníoctha leis agus a fhaigheann sé de bhua a phoist nó i leith seirbhísí a gceanglaítear air iad a dhéanamh faoi aon achtachán nó dá bhun. Cinnfear an pá tosaigh de réir na gCiorclán Roinne cuí. Cuirfear iontrálaithe nua ar íospointe an scála tuarastail.

Uaireanta Oibre

Beidh ar an duine a cheapfar seachtain 35 uair an chloig a oibriú ó Luan go hAoine, arb ionann é agus lá oibre seacht n-uaire an chloig laistigh d'uaireanta freastail 9.00 a.m. go 5.00 p.m., agus uair an chloig don lón idir 1.00 p.m. agus 2.00 p.m. D'fhéadfadh sé go mbeadh gá le huaireanta breise a oibriú ó am go ham agus beidh am saor mar chúiteamh i gceist ina leith. Ní bhaineann ragobair leis an bpost seo.

Tá córas fleisc-ama i bhfeidhm freisin.

Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána

D'fhéadfadh iarrthóirí a bheith faoi réir Ghrinnfhiosrúchán an Gharda Síochána. Breithneofar ceapachán/ceapacháin ag féachaint do thoradh sásúil ar Ghrinnfhiosrúchán an Gharda Síochána, go háirithe chun oiriúnacht chun obair le leanaí nó le daoine fásta leochaileacha a chinneadh.



Saoránacht

Ní mór d'iarrthóirí, faoi dháta aon tairisceana poist, a bheith:

- (a) ina saoránach den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (LEE). Cuimsíonn LEE Ballstáit an Aontais Eorpaigh, an Íoslainn, Lichtinstéin agus an Iorua; **nó**
- (b) ina saoránach den Ríocht Aontaithe (RA); **nó**
- (c) ina saoránach den Eilvéis de bhun an chomhaontaithe idir an AE agus an Eilvéis maidir le saorghluaiseacht daoine; **nó**
- (d) ina saoránach nach saoránach LEE é atá ina chéile nó ina leanbh de shaoránach LEE, RA nó Eilvéiseach agus a bhfuil víosa Stampa 4 aige; **nó**
- (e) ina dhuine ar deonáíodh cosaint idirnáisiúnta dó faoin Acht um Chosaint Idirnáisiúnta 2015, nó ina bhall teaghlaigh atá i dteideal fanacht sa Stát mar thoradh ar athaontú teaghlaigh agus a bhfuil víosa Stampa 4 aige; **nó**
- (f) ina saoránach nach saoránach LEE é atá ina thuismitheoir ar leanbh cleithiúnach atá ina shaoránach de Bhallstát LEE, den RA nó den Eilvéis agus atá ina chónaí ann, agus a bhfuil víosa Stampa 4 aige.

Cead Oibre

Ní mór do gach saoránach nach saoránach AE/LEE é cead oibre bailí a bheith aige roimh thús an chonartha agus ar feadh ré an chonartha. Ní mór don chead oibre ligean duit oibriú go lánaímseartha do Chomhairle Contae Chill Mhantáin. Is ar gach fostaí aonair atá an fhreagracht a chinntiú go bhfuil cead oibre bailí agat. Má scoireann do chead oibre de bheith bailí ag céim ar bith le linn do chonartha, ní mór duit Comhairle Contae Chill Mhantáin a chur ar an eolas láithreach agus cuirfear deireadh le d'fhostaíocht le héifeacht láithreach.

Sláinte

Chun na ceanglais sláinte a chomhlíonadh, beidh ar iarrthóirí rathúla, sula gceapfar iad, dul faoi scrúdú leighis ar a gcostas féin ag lia-chleachtóir cáilithe a ainmneoidh an t-údarás áitiúil. Aisíocfar costas an scrúdaithe leighis leis na hiarrthóirí nuair a ghlacfaidh siad leis an gceapachán.

Cónaitheacht

Ní mór do shealbhóirí an phoist cónaí sa cheantar ina mbeidh a ndualgais le comhlíonadh nó laistigh d'achar réasúnach uaidh.

Saoire Bhliantúil

Beidh **30 lá** de shaoire bhliantúil ann in aghaidh na bliana, gan laethanta saoire poiblí ná Aoine an Chéasta san áireamh.

Aois Scoir

Níl aon aois scoir éigeantach ann d'iontrálaithe nua sa tSeirbhís Phoiblí mar a shainmhínítear iad san Acht um Aoisliúntas na Seirbhíse Poiblí (Forálacha Ilghnéitheacha), 2004.

Tá daoine NACH iontrálaithe nua sa tSeirbhís Phoiblí iad, de réir bhrí an Achta um Aoisliúntas na Seirbhíse Poiblí (Forálacha Ilghnéitheacha), 2004 agus an Achta um Aoisliúntas na Seirbhíse Poiblí (Aois Scoir), 2018, faoi réir aois scoir éigeantach 70 bliain.

Ón 1 Eanáir 2013, beidh aois scoir íosta 66 bliain ar dtús ag daoine inphinsin faoi théarmaí Scéim Pinsin Aonair na Seirbhíse Poiblí, agus ardóidh sí de réir athruithe ar aois an Phinsin Stáit. Tá aois scoir éigeantach 70 bliain ag comhaltáí de Scéim Pinsin Aonair na Seirbhíse Poiblí.



Aoisliúntas

Daoine a thagann chun bheith ina seirbhísigh phoiblí inphinsin an 1 Eanáir 2013 nó ina dhiaidh sin, beidh siad ina gcomhaltaí de Scém Pinsin Aonair na Seirbhíse Poiblí agus beidh orthu, dá réir sin, ranníocaíochtaí 3% den luach saothair inphinsin agus 3.5% den ghlanluach saothair inphinsin a íoc (i.e. an luach saothair inphinsin lúide dhá oiread ráta bliantúil an phinsin seanaoise ranníocaigh árachais shóisialaigh is iníoctha ag an uasráta le duine nach bhfuil aon chleithiúnaí aosach ná aon leanaí cáilithe aige).

Beidh ar oifigigh inphinsin údaráis áitiúil atá faoi dhliteanas ranníocaíocht ÁSPC Aicme A a íoc ranníocaíocht 1.5% dá luach saothair inphinsin móide 3.5% dá nglanluach saothair inphinsin a íoc leis an údarás áitiúil i leith a n-aoisliúntais (i.e. an luach saothair inphinsin lúide dhá oiread ráta bliantúil an phinsin seanaoise ranníocaigh árachais shóisialaigh is iníoctha ag an uasráta le duine nach bhfuil aon chleithiúnaí aosach ná aon leanaí cáilithe aige).

Beidh ar dhaoine a dhéantar oifigigh inphinsin údaráis áitiúil díobh atá faoi dhliteanas ranníocaíocht ÁSPC Aicme D a íoc ranníocaíocht 5% dá luach saothair inphinsin a íoc leis an údarás áitiúil i leith a n-aoisliúntais.

Beidh ar gach duine a dhéantar oifigeach inphinsin d'údarás áitiúil díobh ranníocaíocht 1.5% dá luach saothair inphinsin a íoc leis an údarás áitiúil i leith Scém Pinsin Ranníocach an Rialtais Áitiúil do Chéilí agus Leanaí, de réir théarmaí na scéime.

PRÓISEAS IARRATAIS

Foirm Iarratais

Tá foirmeacha iarratais ar fáil ar ár suíomh gréasáin faoi Folúntais Poist: www.wicklow.ie/Living/Your-Council/Job-Vacancies

Ní mór foirmeacha iarratais comhlánaithe a chur chuig wccrecruitment@wicklowcoco.ie agus ar an bpost chuig **An Rannóg Earcaíochta, Stiúthóir Seirbhísí, Forbairt Eagraíochtúil | AD | Corparáideach, Comhairle Contae Chill Mhantáin, Áras an Chontae, Baile Chill Mhantáin,,** tráth nach déanaí ná **Déardaoín, an 19 Samhain 2026 ag 12 meán lae.** Ní ghlacfar le hiarratais dhéanacha ná le haon leasuithe ar iarratais.

Inniúlachtaí don Phost

Áirítear na hinniúlachtaí seo a leanas ar phríomhinniúlachtaí an phoist agus beifear ag súil go léireoidh iarrthóirí fianaise leordhóthanach ar a n-inniúlacht faoi gach ceann díobh ina bhfoirm iarratais.

Tabhair **sampla amháin** i gcás **gach inniúlachta**, agus ról agus riachtanais riachtanacha an Leabhráin Eolais d'Iarrthóirí á gcur san áireamh agat. **Níor cheart go mbeadh níos mó ná 450 focal sna freagraí..** Déan iarracht an fhianaise is fearr atá agat a chur ar fáil sa chuid seo, mar go bhfhéadfaí an fhaisnéis thíos a úsáid chun críocha gearrliostaithe agus/nó agallaimh.

Is iad seo a leanas príomhinniúlachtaí phost an Oifigigh Ghaeilge:

- Torthaí a Bhaint Amach
- Feidhmíocht trí Dhaoine
- Éifeachtacht Phearsanta
- Eolas agus Tuiscint ar Rialtas Áitiúil



INNIÚLACHT	IOMPRAÍOCHTAÍ
Torthaí a Bhaint Amach	- Cuspóirí oibríochtúla a thiontú ina bpleananna oibre sonracha, ina ngníomhaíochtaí cláir agus ina sceidil, agus an plan oibríochtúil níos leithne á chur san áireamh agus tosaíochtaí á leagan síos. - Dúshlán cuiditheach a thabhairt do chuir chuige a bhí ann cheana chun soláthar éifeachtúil seirbhísí do chustaiméirí a fheabhsú. - Acmhainní (foireann agus trealamh) a leithdháileadh ar obair chun a chinntiú go gcomhlíonfar tosaíochtaí agus go ndéanfar an obair ar an mbealach is éifeachtúla is féidir chun obair agus seirbhísí ar ardchaighdeán a sholáthar. - Ualaí oibre a chur in ord tosaíochta agus réitigh éifeachtacha a cheapadh. - Cinntí tráthúla eolasacha a dhéanamh.
Feidhmíocht trí Dhaoine	- Feidhmíocht na foirne a bhainistiú chun cuspóirí corparáideacha a bhaint amach. - Ceannaireacht a thabhairt trí dhea-shampla chun an fhoireann a spreagadh chun torthaí agus seirbhís do chustaiméirí ar ardchaighdeán a sholáthar. - Scileanna éifeachtacha scríofa agus labhartha agus an cumas cumarsáid a dhéanamh go soiléir agus go cuiditheach. - Seirbhísí a chur chun cinn agus tionchar a imirt ar dhaoine eile.
Éifeachtacht Phearsanta	- Díograis don ról agus ardspreagadh a léiriú. - Am agus ualaí oibre a bhainistiú go héifeachtach. - Treallús a léiriú agus deiseanna a lorg chun dul thar na spriocanna. - Obair a chur i gcrích go tráthúil. - Dearcadh dearfach, cuiditheach agus díograiseach a choinneáil ar bun i leith an ról. - Cumas a bheith ag oibriú go héifeachtach mar bhall foirne chun spriocanna comhchoiteanna a bhaint amach. - A bheith féinspreagtha agus ábalta oibriú as a stuaim féin.
Eolas agus Tuiscint ar Rialtas Áitiúil	- Eolas agus tuiscint ar an Údarás Áitiúil agus ar na seirbhísí a chuireann sé ar fáil. - Eolas agus feachtas ar na príomhcheisteanna reatha agus tosaíochta a bhíonn roimh Rialtas Áitiúil. - Tuiscint ar na struchtúir agus ar an timpeallacht ina bhfeidhmíonn earnáil an rialtais áitiúil agus ar ról an Oifigigh Ghaeilge sa chomhthéacs sin. - Tuiscint ar an ról.

PRÓISEAS ROGHNÚCHÁIN

Is trí chomórtas bunaithe ar agallamh a dhéanfar an roghnú. Féadfar painéal a bhunú ar bhonn na n-agallamh sin agus óna bhféadfaí folúntais bhuana a líonadh.

D'fhéadfadh na nithe seo a leanas a bheith mar chuid den Phróiseas Roghnúcháin:

- Iarrthóirí a ghearrliostú ar bhonn na faisnéise ina n-iarratas;
- Réamhagallamh, a bhféadfadh cur i láthair a bheith mar chuid de;
- Ceistneoir ar líne a chomhlánú;
- Agallamh iomaíoch, a bhféadfadh cur i láthair a bheith mar chuid de;
- Sampla oibre/rólghlacadh/cleachtadh meán, agus aon tástálacha nó cleachtaí eile a mheastar a bheith cuí.



Tabhair ar aird go bhforchoimeádann Comhairle Contae Chill Mhantáin an ceart aon chuid den phróiseas roghnúcháin a réachtáil trí ardán cianghlao/físghlao nó trí mhodheolaíocht chuí eile.

Sula dtéann tú ar aghaidh chuig an gcéim seo den phróiseas roghnúcháin, ba cheart duit a chinntiú go gcomhlíonann tú na critéir íosta cháilíochta don phost atá leagtha amach thuas. Seachnóidh sé sin costais neamhriachtanacha duit agus tú ag dul ar aghaidh sa chomórtas.

Gearrliostú

Forchoimeádann Comhairle Contae Chill Mhantáin an ceart iarratais a ghearrliostú. Féadfar an próiseas gearrliostaithe a dhéanamh trí ghearrliostú deisce **bunaithe ar an bhfaisnéis sna foirmeacha iarratais** nó trí agallamh gearrliostaithe.

Beidh ról lárnach ag an bhfaisnéis a chuireann tú ar fáil san fhoirm iarratais sa phróiseas gearrliostaithe. Féadfar cinneadh Chomhairle Contae Chill Mhantáin tú a chur ar ghearrliosta na n-iarrthóirí a rachaidh ar aghaidh chuig an gcéad chéim eile den phróiseas a dhéanamh ar bhonn na faisnéise sin.

Más rud é, mar gheall ar líon na ndaoine atá ag iarraidh dul isteach sa chomórtas agus ar chaighdeán ginearálta eolais, oiliúna nó taithí na ndaoine sin, go measann Comhairle Contae Chill Mhantáin nach mbeadh sé réasúnach gach duine a ligean isteach sa chomórtas, féadfaidh sí gan ach na daoine sin a ligean isteach ar cosúil go mbaineann siad amach caighdeán atá leordhóthanach lena roghnú agus lena moladh lena gceapadh.

Déanfar teagmháil leat maidir le dátaí agus amanna aon agallaimh. D'fhéadfaí teagmháil a dhéanamh leat freisin maidir le ceistneoir ar líne a chomhlánú má bhíonn sé sin mar chuid den phróiseas roghnúcháin. Is ortsa atá an fhreagracht freastal ar agallamh ar na dátaí agus ag na hamanna a shanntar duit. Ní féidir dátaí ná amanna malartacha a éascú. Nuair a fhreastalaíonn tú ar agallamh, ní mór duit aitheantas fótagrafach a thaispeáint agus tú ag clárú do fhreastail leis an Roinn Acmhainní Daonna.

Forchoimeádann Comhairle Contae Chill Mhantáin an ceart iarrthóirí a ghearrliostú ar an mbealach is cuí léi. **Féadfar gearrliostú a dhéanamh ar bhonn na faisnéise a chuirtear ar fáil san fhoirm iarratais agus líon dóchúil na bhfolúntas a bheidh le líonadh. Dá bhrí sin, is chun do leasa féin é cuntas mionsonraithe cruinn ar do cháilíochtaí agus ar do thaithí a thabhairt san fhoirm iarratais.** Tabharfar cuireadh do na hiarrthóirí a ghearrliostaítear freastal ar agallamh. Réachtálfar na hagallaimh ar an láthair. Ní bheidh an Chomhairle freagrach as aon chostais a thabhoídh iarrthóirí agus iad ag freastal ar Chéim an Agallaimh.

Céim an Agallaimh

Is deis é an t-agallamh duit fianaise a thabhairt ar do chuid eolais, scileanna agus taithí, agus deis don Údarás Áitiúil measúnú a dhéanamh ar d'oiriúnacht don ról mar a fógraíodh é.

Níor cheart glacadh leis, de bhrí go ligtear duine isteach i gcomórtas nó go dtugtar cuireadh dó freastal ar agallamh, go bhfuil Comhairle Contae Chill Mhantáin sásta go gcomhlíonann an duine sin ceanglais na Rialachán nó nach bhfuil sé dícháilithe de réir dlí ón bpost a shealbhú. Ní ráthú sa mhéid sin ach oiread go ndéanfar tuilleadh breithnithe ar d'iarratas. Dá bhrí sin, is ortsa atá an fhreagracht a chinntiú go gcomhlíonann tú ceanglais incháilitheachta an chomórtais sula bhfreastalaíonn tú ar agallamh. Mura gcomhlíonann tú na bunriachtanais iontrála sin ach má fhreastalaíonn tú ar agallamh mar sin féin, d'fhéadfaí costais neamhriachtanacha a thabhu, agus ní bheidh Comhairle Contae Chill Mhantáin freagrach as aon chostais den sórt sin a aisíoc.



Féadfaidh Comhairle Contae Chill Mhantáin, dá rogha féin, a cheangal ar iarrthóirí freastal ar réamhagallamh. Sa chás sin, bheadh cead isteach chuig an agallamh iomaíoch ag brath ar an iarrthóir caighdeán a mheasann an Chomhairle a bheith cuí a bhaint amach sa réamhagallamh.

Is Bord nó Boird arna mbunú ag Comhairle Contae Chill Mhantáin a dhéanfaidh na hagallaimh. Déanfaidh an Bord/na Boird measúnú ar thuillteanais na n-iarrthóirí (ach amháin sa mhéid go ndéantar measúnú orthu ar bhealach eile) maidir leis na hábhair dá dtagraítear sna Cáilíochtaí forordaithe agus maidir le haon ábhar ábhartha eile. Ní bhreithneofar lena roghnú agus lena gcur ar phainéal ach iarrthóirí a bhaineann amach caighdeán a mheasann Comhairle Contae Chill Mhantáin a bheith sásúil san agallamh iomaíoch. Is ar gach iarrthóir atá an fhreagracht a chinntiú go mbeidh sé ar fáil le haghaidh agallaimh.

Seiceálacha Réamhfhostaíochta

Sula ndéanfar conarthaí fostaíochta, déanfar seiceálacha éagsúla. Áirítear orthu sin scrúduithe leighis agus teistiméireachtaí agus d'fhéadfadh Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána a bheith san áireamh. Tabharfaidh an Chomhairle cuireadh do na hiarrthóirí rathúla a ghlacann le tairiscint chun folúntas a líonadh freastal ar mheasúnú leighis. Seiceálfar teistiméireachtaí na n-iarrthóirí rathúla freisin agus, más gá, cuirfear Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána i gcrích ag an bpointe seo.

Painéal

Féadfar iarrthóirí a bhfuil a n-ainmneacha ar Phainéal agus a shásaíonn an t-údarás áitiúil go bhfuil na cáilíochtaí atá dearbhaithe don phost acu agus go bhfuil siad oiriúnach lena gceapadh ar shlí eile a cheapadh, le linn shaolré an Phainéil, de réir mar a thagann folúntais chuí chun cinn.

Mairfidh an Painéal ar feadh bliana amháin ón dáta a bhunófar é. Féadfar an tréimhse sin a leathnú de rogha an Phríomhfheidhmeannaigh.

Téarmaí agus Coinníollacha

Ceanglóidh Comhairle Contae Chill Mhantáin ar an duine dá dtairgtear ceapachán dul i mbun an phoist laistigh de thréimhse nach faide ná **mí amháin**. Mura dtéann an duine i mbun an phoist laistigh den tréimhse sin, nó laistigh de thréimhse níos faide a chinnfidh Comhairle Contae Chill Mhantáin dá lánrogha féin, ní cheapfaidh an Chomhairle é.

Féadfaidh ceachtar páirtí deireadh a chur leis an bhfostaíocht trí fhógra míosa féilire ar a laghad a thabhairt. Má chuirtear deireadh leis an bhfostaíocht sula gcuirtear aon chonradh ar leith i gcrích, comhoibreoidh an duine ceaptha leis an gComhairle lena chinntiú go bhfuil gach comhad/taifead cothrom le dáta agus curtha i láthair ar bhealach inghlactha.

Ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfadh sé gur gá téarmaí Mhír 13 de Chiorclán EL 02/09 – Scéim Dreasaithe Luathscoir – a chur san áireamh i gcásanna áirithe. Is coinníoll den scéim sin, mar atá leagtha amach i gCiorclán 12/2009 ón Roinn Airgeadais, nach bhfuil daoine a chuaigh ar scor faoin Scéim sin i dteideal iarratas a dhéanamh ar phost eile san fhostaíocht chéanna nó san earnáil chéanna.

Ina theannta sin, ba cheart do dhaoine a bhain leas as Scéim Íocaíochta Iomarcaíochta a thabhairt faoi deara gur coinníoll den Chomhaontú Comhchoiteann é nach mbeidh daoine a bhaineann leas as an gcomhaontú incháilithe lena n-athfhostú sa tseirbhís phoiblí ag aon chomhlacht seirbhíse poiblí (mar a shainmhínítear sna hAchtanna um Bearta Airgeadais Éigeandála ar Mhaithe le Leas an Phobail 2009–2011)



Comhairle Contae Chill Mhantáin Wicklow County Council

ar feadh tréimhse dhá bhliain ó fhoirceannadh na fostaíochta. Ina dhiaidh sin, beidh toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ag teastáil roimh athfhostú.

Ceanglófar ar iarrthóirí a dhearbhu ar bhain siad leas as ceachtar de na scéimeanna thuas roimhe seo.

I measc cuid de na Sochair Fostaithe atá ar fáil faoi láthair tá:

- Polasaí Oibre Cumaisc Chomhairle Contae Chill Mhantáin
- Réimse Polasaithe a Thacaíonn le Teaghlaigh
- Infhaighteacht na Scéime um Rothaíocht chun na hOibre
- Réimse Deiseanna Foghlama agus Forbartha
- Saoire Mháithreachais agus Atharthachta le pá
- Ballraíocht uathoibríoch i scéim pinsin
- Rochtain ar na seirbhísí a chuirtear ar fáil faoi Chlár Cúnaimh d'Fhostaithe Chomhairle Contae Chill Mhantáin – Spectrum Health

FORCHOIMEÁDANN COMHAIRLE CONTAE CHILL MHANTÁIN AN CEART IARRTHÓIRÍ A GHEARRLIOSTÚ AR AN MBEALACH IS CUÍ LÉI.

Seolfaidh Comhairle Contae Chill Mhantáin admháil go bhfuarthas d'iarratas sna seachtainí tar éis dháta deiridh an chomórtais. Mura bhfaigheann tú aon deimhniú, déan teagmháil le wccrecruitment@wicklowcoco.ie

IS FOSTÓIR COMHDHEISEANNA Í COMHAIRLE CONTAE CHILL MHANTÁIN



CEISTEANNA COITIANTA

1. Cé leis ar féidir liom teagmháil a dhéanamh má bhíonn ceist agam faoin bhFeachtas Earcaíochta?

Mura bhfuil tú cinnte faoi aon ghné den phróiseas earcaíochta agus roghnúcháin, léigh an doiciméad faisnéise agus na ceisteanna coitianta go cúramach sula ndéanann tú teagmháil le Roinn Acmhainní Daonna Chomhairle Contae Chill Mhantáin. Más gá duit teagmháil a dhéanamh leis an Roinn Acmhainní Daonna ina dhiaidh sin, seol do cheist ar ríomhphost ar an gcéad dul síos chuig wccrecruitment@wicklowcoco.ie.

2. Céard a tharlóidh mura féidir liom freastal ar chéim ar leith den chomórtas?

Is ortsa atá an fhreagracht freastal ar gach céim den chomórtas earcaíochta ag na suíomhanna agus ar na dátaí agus na hamanna a chuirtear in iúl duit. Ní féidir le Comhairle Contae Chill Mhantáin dátaí ná amanna aon chéime ar leith den phróiseas a athrú.

3. Tá m'fhoirm iarratais curtha isteach agam. Céard a tharlóidh anois?

Déanfaidh Comhairle Contae Chill Mhantáin seiceáil incháilitheachta ar gach iarratas lena chinntiú go gcomhlíonann na hiarrthóirí na cáilíochtaí íosta don phost. Ní gá duit teagmháil a dhéanamh leis an Roinn Acmhainní Daonna. Mura gcomhlíonann tú na híoscheanglais incháilitheachta don phost **bunaithe ar an bhfaisnéis a chuir tú isteach ar d'fhoirm iarratais**, ní thabharfar cuireadh duit freastal ar agallamh.

Ag brath ar líon na n-iarrthóirí atá fágtha ag an gcéim seo den chomórtas, d'fhéadfadh sé go mbeadh gá le próiseas gearrliostaithe. Féadfar an próiseas sin a dhéanamh trí ghearrliostú deisce bunaithe ar an bhfaisnéis sna foirmeacha iarratais nó trí agallamh/measúnú gearrliostaithe. Beidh ról lárnach ag an bhfaisnéis a chuireann tú ar fáil san fhoirm iarratais sa phróiseas cáilitheachta agus gearrliostaithe.

D'fhéadfaí teagmháil a dhéanamh leat trí ríomhphost nó litir maidir le dátaí agus amanna agallaimh. Is ortsa atá an fhreagracht freastal ar agallamh ar na dátaí agus ag na hamanna a shanntar duit. Ní féidir dátaí ná amanna malartacha a éascú. Nuair a fhreastalaíonn tú ar agallamh, ní mór duit aitheantas fótagrafach a thaispeáint agus tú ag clárú do fhreastail leis an Roinn Acmhainní Daonna.

4. Céard a tharlóidh nuair a bheidh an próiseas gearrliostaithe curtha i gcrích?

Déanfaidh Comhairle Contae Chill Mhantáin teagmháil le gach iarrthóir chun toradh an phróisis gearrliostaithe a chur in iúl dó. Má éiríonn leat ag an gcéim seo, tabharfar cuireadh duit chuig agallamh deiridh.

5. Céard a tharlóidh tar éis dom an t-agallamh deiridh a dhéanamh?

Má cháilíonn tú ag céim an agallaimh dheiridh, cuirfear ar phainéal thú agus tabharfar rangú duit in ord fiúntais. Féadfar folúntais a líonadh ón bpainéal seo de réir mar a thagann siad chun cinn agus in ord fiúntais. Tabhair faoi deara nach ráthaíocht é áit ar phainéal go gceapfar sa phost thú.



6. Céin chaoi a ndéanfaidh Comhairle Contae Chill Mhantáin cumarsáid liom le linn an Fheachtais Earcaíochta agus Roghnúcháin?

Déanfaidh Comhairle Contae Chill Mhantáin teagmháil leat, de réir mar is gá, ag gach céim den chomórtas ar ríomhphost nó ar an bpost. Moltar go láidir duit gan do sheoladh ríomhphoist a athrú le linn an fheachtais earcaíochta seo, mar seolfar aon ríomhphost chuig an seoladh ríomhphoist a chuir tú ar fáil ar dtús le d'fhoirm iarratais. Tá sé tábhachtach go mbeidh rochtain agat i gcónaí ar an seoladh ríomhphoist a chuireann tú ar fáil agus d'fhoirm iarratais á cur isteach agat.

Is ar an iarrthóir atá an fhreagracht an Roinn Acmhainní Daonna a chur ar an eolas faoi aon athrú ar sheoladh poist, seoladh ríomhphoist nó uimhir fón póca le linn an fheachtais earcaíochta agus roghnúcháin. Is féidir é sin a dhéanamh trí ríomhphost a sheoladh chuig wccrecruitment@wicklowcoco.ie

Is ar gach iarrthóir atá an fhreagracht a chinntiú go bhfaigheann sé gach cumarsáid ó Chomhairle Contae Chill Mhantáin. Ní ghlacann Comhairle Contae Chill Mhantáin aon fhreagracht as cumarsáid nach bhfaigheann iarrthóir nó nach bhfaigheann sé rochtain uirthi.



www.wicklow.ie



wccrecruitment@wicklowcoco.ie



<https://www.facebook.com/WicklowCountyCouncil>



<https://www.instagram.com/wicklowcoco/>